Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7575/20**

**COAFR 118**
**CFSP/PESC 322**
**COHAFA 18**
**COHOM 34**
**DEVGEN 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSúdáin Theas<br>- Conclúidí ón gComhairle (30 Aibreán 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin Theas arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 30 Aibreán 2020.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin Theas

1. Is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh Rialtas Athchóirithe Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta (R-TGoNU) mar chéim thábhachtach i dtreo síocháin fhadtréimhseach chomh maith le forbairt chuimsitheach inbhuanaithe sa tSúdáin Theas. Is céim eile i dtreo na cobhsaíochta iad na holltoghcháin a thionólfar ag deireadh na hidirthréimhse. Beidh ar an rialtas nua aontachta meon macánta láidir comhoibrithe a léiriú chun an tslándáil agus an chobhsaíocht a bhaint amach, chun athmhuintearas agus ceartas lena bhfuil géarghá a chur chun cinn, agus chun seirbhísí bunúsacha bunriachtanacha a chur ar fáil do mhuintir na Súdáine Theas. I ndáil leis an méid sin, beidh sé tábhachtach gobharnóirí stáit agus rialtais áitiúla a cheapadh gan mhoill.

2. Molann an tAontas rannpháirtíocht an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha agus a Bhallstát agus, ina theannta sin, an tAontas Afracach, a bhí ríthábhachtach sa phróiseas polaitiúil as ar tháinig R-TGoNU agus a mbeidh ról tábhachtach acu i gcónaí chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe síochána ina iomláine.

3. Is den bhunriachtanas é lánurraim a thabhairt don Chomhaontú maidir le sos comhraic ar ar thángthas i mí na Nollag 2017. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an tAontas leis an bpróiseas atá á éascú ag Pobal Sant'Egidio chun timpeallacht chuiditheach a chruthú don idirphlé agus chun cuimsitheacht a bhaint amach trí pháirtithe nach sínitheoirí iad a thabhairt ar bord an phróisis síochána. Mar chuid de chomhlíonadh na socruithe slándála, lena n-áirítear aontú nó díshlógadh na n-iarchomhraiceoirí uile, ní mór é a bheith mar phríomhaidhm sábháilteacht agus slándáil a áirithiú do gach saoránach, gan beann ar a gcleamhnacht pholaitiúil nó eitneach. Is díol sásaimh don Aontas gur shínigh páirtithe R-TGoNU an Plean Cuimsitheach Gníomhaíochta chun deireadh a chur leis na sáruithe tromchúiseacha ar leanaí agus chun iad a chosc, agus tá sé ag súil go gcuirfear chun feidhme gan mhoill é. Iarrann an tAontas ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an trádbhac arm a athnuachan agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá é a fhorfheidhmiú.

4. Chun an daonlathas agus an dea-rialachas a neartú, is den bhunriachtanas é go mbeidh próiseas déanta bunreachta ann atá cuimsitheach agus go n-ullmhófar toghcháin atá saor agus inchreidte. Ní mór spás daonlathach sibhialta a dhearbhú agus ní mór iriseoirí, oibrithe eile sna meáin, an tsochaí shibhialta agus cosantóirí chearta an duine a chumasú chun feidhmiú gan bhac, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh sa díospóireacht phoiblí. Is den bhunriachtanas é freisin spás polaitiúil a áirithiú don óige, a raibh ról tábhachtach aici sa phróiseas síochána.

5. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear mná san áireamh go héifeachtach sa phróiseas foriomlán síochána agus déanta bunreachta. Is díol sásaimh don Aontas gur ceapadh mná chuig roinnt aireachtaí barrthábhachtacha agus iarrann sé ar an rialtas a áirithiú gur mná a bheidh in 35 % ar a laghad de na poist i ngach leibhéal rialtais, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh maidir leis an gcomhaontú síochána. Beidh gné inscne maidir le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta lárnach do rath an chomhaontaithe síochána.

6. Tá ganntanas bia ag bagairt go mór ar níos mó ná leath den daonra agus tá géarghá ag dhá thrian díobh le cúnamh daonnúil ar bhonn prionsabail. Cuireann bagairt na saithí lócaiste daoine i mbaol níos mó. Ní mór don rialtas sábháilteacht agus slándáil a áirithiú d'oibrithe daonnúla agus rochtain dhaonnúil gan bhac ar fud na tíre, agus na dálaí a chruthú chun filleadh dídeanaithe agus daoine atá easáitithe ina dtír féin a éascú ar bhonn deonach, sábháilte, inbhuanaithe agus díniteach. Ba cheart an buiséad náisiúnta a leithdháiltear ar sholáthar seirbhísí bunúsacha, go háirithe sláinte agus oideachas, a mhéadú.

7. Táthar ag súil go léireoidh an rialtas nua cuntasacht agus trédhearcacht níos fearr, go gcuirfidh sé lena iarracht chun an éillitheacht a chomhrac, agus go gcloífidh sé le caighdeáin idirnáisiúnta airgeadais chun an tSúdáin Theas a chur ar bhóthar na síochána agus na forbartha inbhuanaithe agus cuimsithí. Leagtar amach sa chomhaontú síochána na hathchóirithe airgeadais agus eacnamaíocha nach mór a dhéanamh agus an t-amchlár lena gcur chun feidhme. Tá gá le fíorú neamhspleách freisin chun muinín na ndaoine agus na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta a fháil.

8. Caithfear deireadh a chur le sáruithe forleathana ar chearta an duine agus le cultúr na saoirse ó phionóis. Tá an tAontas faoi réir chun bearta sriantacha breise a ghlacadh má ligtear do na sáruithe sin leanúint ar aghaidh nó má bhaintear an bonn ón bpróiseas síochána. Ní mór déantóirí an fhoréigin ghnéasaigh agus an fhoréigin inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleacht a thabhairt chun cuntais. Tacaíonn an tAontas go láidir le bunú institiúidí ceartais idirthréimhsigh agus tathantaíonn sé ar an rialtas na sásraí a bhunú dá bhforáiltear leis an gcomhaontú síochána agus a bheith, go háirithe, ar thús cadhnaíochta maidir le bunú na Cúirte Hibridí don tSúdáin Theas. Tá rannpháirtíocht an Aontais Afracaigh chun tacú leis na hiarrachtaí sin ríthábhachtach i gcónaí.

9. Tá rún daingean ag an Aontas seasamh, anois agus feasta, le muintir na Súdáine Theas agus iad ar thóir na síochána agus an rathúnais. Aithníonn an tAontas an tráthchlár uaillmhianach maidir le caibidlí den chomhaontú síochána a chur chun feidhme. Chun an sprioc sin a bhaint amach, molann an tAontas don rialtas creat cuimsitheach don chuntasacht fhrithpháirteach a fhorbairt maidir le comhar amach anseo le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena nascfar an tsíocháin, an tslándáil, an ceartas agus seirbhísí bunúsacha. I ndáil leis an méid sin, tá an tAontas Eorpach faoi réir chun a thacaíocht do R-TGoNU a neartú nuair a bheidh fíorspriocanna nithiúla insoláthartha polaitiúla bainte amach.

10. Tá baol ann go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha daonnúla agus eacnamaíocha ag baint le paindéim COVID-19 atá ar siúl i rith an ama agus a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar an gcobhsaíocht nach bhfuil i bhfad ann. Rinne R-TGoNU roinnt beart coisctheach; tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a choinneáil idir an bhagairt don tsláinte phoiblí a laghdú agus cead a thabhairt do dhaoine a slí bheatha a chleachtadh. . Is díol sásaimh é an comhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, leis na Náisiúin Aontaithe, leis an Aontas Afracach, le Lárionaid na hAfraice um Ghalair a Rialú agus a Chosc agus le heintitis réigiúnacha eile. Athdhearbhaíonn an tAontas a dhlúthpháirtíocht le muintir na Súdáine Theas agus tá sé ag tacú leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh, lena n-áirítear obair gan stad gan staonadh na n-oibrithe daonnúla.